

Oifig an Choimisinéara Teanga

Tuarascáil faoi fho-alt 26(5) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

do Thithe an Oireachtais

maidir le

cur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe a rinneadh faoi fho-alt 21(c) d'Acht na
dTeangacha Oifigiúla 2003

Ard-Mhúsaem na hÉireann

CLÁR

CAIBIDIL 1 – Cúlra

CAIBIDIL 2 – Achoimre ar an Imscrúdú

CAIBIDIL 3 – An Próiseas Iniúchta

CAIBIDIL 4 – An Chéad Chéim Eile

AGUISÍN A – Tuarascáil Imscrúdaithe

AGUISÍN B – Comhfhreagras le Ard-Mhúsaem na hÉireann

CAIBIDIL 1 – Cúlra

I gcomhréir le fo-alt 26(5) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ceadaítear dom mar Choimisinéir Teanga tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas má mheasaim nár chuir comhlacht poiblí i ngníomh aon chuid de na moltaí i dtuarascáil ar imscrúdú a rinne mé.

Baineann an tuarascáil seo leis an mbealach nár cuireadh moltaí a rinne mé in imscrúdú reachtúil ar Ard-Mhúsaem na hÉireann i bhfeidhm. Tá an tuarascáil ar an imscrúdú féin le fáil mar **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo.

Tar éis tréimhse réasúnach ama a bheith caite, is gnách le m'Oifig scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina gcuireann na comhlachtaí poiblí na moltaí a d'eascair as aon imscrúdú i bhfeidhm. Tríd an bpróiseas seo tugtar deis don chomhlacht poiblí cuntas a thabhairt ar an mbealach inar cuireadh moltaí an imscrúdaithe i ngníomh.

Le linn na bliana 2009, d'eisigh m'Oifig tuarascáil imscrúdaithe ina raibh fionnachtana agus moltaí maidir leis an bhfáil a bhí arsheirbhísí áirithe i nGaeilge ó Ard-Mhúsaem na hÉireann. D'eascair an t-imscrúdú as gearán ó dhuine den phobal faoi ábhar áirithe poiblíochta a bheith á fhoilsiú i mBéarla amháin ag an Ard-Mhúsaem. Tar éis an cás a mheá ina iomláine, eisíodh tuarascáil imscrúdaithe ina raibh fionnachtain gur sháraigh Ard-Mhúsaem na hÉireann na dualgais reachtúla atá leagtha air i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997.

Rinneadh fionnachtain:

- (i) nach raibh líon leordhóthanach d'fhoireann an Ard-Mhúsaeim inniúil sa Ghaeilge chun go mbeifí in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla fad agus a bhaineann sé le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim, agus
- (ii) nach raibh an Ghaeilge á cothú ná á cur chun cinn le linn dó a fheidhmeanna a chur i gcrích i dtaca le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim.

In aon chás ina n-eisítear tuarascáil imscrúdaithe, meabhraítear go bhféadfaidh páirtí san imscrúdú, nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Ní dhearnadh a leithéid d'achomharc sa chás seo.

An bhliain tar éis dom an tuarascáil ar an imscrúdú a eisiúint, d'fhiosraigh m'Oifig an bealach ina raibh Ard-Mhúsaem na hÉireann ag cur mholtaí na tuarascála sin i bhfeidhm. Tar éis torthaí an iniúchta sin a mheas, is é mo bharúil nár chuir an comhlacht poiblí moltaí an imscrúdaithe sin i bhfeidhm go cuí ná go hiomlán.

CAIBIDIL 2 – Achoimre ar an Imscrúdú

Rinne duine den phobal gearán le m’Oifig i mí na Samhna 2008 faoi ábhar poiblíochta – féilire imeachtaí de chuid an Ard-Mhúsaem – a bheith á fhoilsiú i mBéarla amháin. Phléigh m’Oifig an gearán seo leis an Ard-Mhúsaem ar bhonn neamhfhoirmiúil in iarracht an cás a réiteach. Nuair a theip ar na hiarrachtaí sin, shocraigh mé imscrúdú a thionscnamh ar an ábhar i mí na Bealtaine 2009.

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ar an mbeagán comhlachtaí poiblí a bhfuil forálacha sonracha reachtúla teanga daingnithe ag an Oireachtas ina leith maidir le líon leordhóthanach comhaltaí foirne a bheith inniúil sa Ghaeilge chun seirbhísí a sholáthar in dhá theanga oifigiúla an Stáit. Ní féidir, dá bhrí sin, an tArd-Mhúsaem a áireamh ar an mbealach céanna le comhlachtaí poiblí eile nár bhain na dualgais reachtúla sin leo.

Tháinig sé chun solais le linn an imscrúdaithe nach raibh cumas sa Ghaeilge tugtha mar riachtanas i gcás aon cheann de na 103 folúntas a líonadh agus foireann bhreise á ceapadh ag an Ard-Mhúsaem ó thosach feidhme na reachtaíochta i mí na Bealtaine 2005. Tugadh le fios go raibh an Ghaeilge “*inmhianaithe*” i gcás 17 de na folúntais ach ní dhearnadh aon tagairt ar chor ar bith do chumas sa teanga sna 86 cás eile.

Ba léir ón eolas a tugadh don imscrúdú nach raibh na dualgais teanga a bhí air á gcur san áireamh go cuí ag an Ard-Mhúsaem le linn dó a bheith ag earcú comhaltaí foirne nua.

Ba léir, áfach, gur chuir an tArd-Mhúsaem réimse leathan seirbhísí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Rinne an tArd-Mhúsaem cás leis an imscrúdú go raibh sé ag déileáil le forbairt seirbhísí trí Ghaeilge mar chuid dá dhréachtscéim teanga a bhí le haontú fós an tráth sin leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Is bunphrionsabal de chuid an dlí é nach féidir le haon fhoráil i scéim teanga maolú, laghdú ná leasú a dhéanamh ar fhorálacha reachtúla a bhí daingnithe cheana féin in Acht de chuid an Oireachtais, sa chás seo faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997. Bhí dualgas sonrach leagtha ar an Ard-Mhúsaem a chinntiú go raibh líon leordhóthanach foirne ar fáil dó a chuirfeadh ar a chumas a chuid seirbhísí a sholáthar go dátheangach. Ní fhéadfadh aon ní a bheadh in aon scéim teanga dochar a dhéanamh don riachtanas sin.

Tuigeadh dom go gcaithfeadh an tArd-Mhúsaem feidhmiú laistigh den acmhainn airgeadais a bhí mar bhuiséad aige agus de réir na dteorainneacha earcaíochta a bhí i bhfeidhm san aeráid reatha eacnamaíoch.

Rinne mé seacht gcinn de mholtaí, tar éis dom teacht ar chinneadh go raibh Ard-Mhúsaem na hÉireann ag sárú dualgais reachtúla teanga faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 maidir le líon leordhóthanach foirne a bheith ag an gcomhlacht poiblí sin a bhí inniúil sa Ghaeilge chun seirbhísí a sholáthar sa teanga sin chomh maith lena soláthar trí Bhéarla.

Mhol mé go n-ullmhódh an tArd-Mhúsaem straitéis a luaithe agus ab fhéidir le cinntiú go mbeadh sé ag comhlíonadh na ndualgas atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(I) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a bheith ag líon leordhóthanach foirne le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla.

Mhol mé freisin go nglacfadh an tArd-Mhúsaem leis go bhféadfadh sé a bheith riachtanach foireann le hinniúlacht sa Ghaeilge a cheapadh ag gach deis earcaíochta feasta go dtí go mbeadh an líon leordhóthanach foirne le Gaeilge bainte amach chun na dualgais reachtúla teanga faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 a chomhlíonadh.

Mhol mé gur cheart don Ard-Mhúsaem tús áite a thabhairt san idirlinn do phlean gníomhaíochta le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na hacmhainní foirne a bhí ann nó as conraitheoirí nó gníomhairí ar conradh, dá mba ghá, nó trí aon bhealach cuí eile a bheartófaí.

CAIBIDIL 3 – An Próiseas Iniúchta

Tar éis do thréimhse réasúnach ama a bheith caite ón am a n-eisítear aon tuarascáil imscrúdaithe, scrúdaíonn m’Oifig an bealach ina bhfuil an comhlacht poiblí ag tabhairt faoi fhorfheidhmiú mholtaí an imscrúdaithe. Le linn an phróisis seo, tugtar deis don chomhlacht poiblí freagra oifigiúil a chur ar fáil maidir leis na céimeanna a glacadh go dtí sin chun moltaí an imscrúdaithe a chur i ngfomh.

Eisíodh tuarascáil an imscrúdaithe sa chás seo ar an 15 Bealtaine 2009. I mí Iúil 2010, rinne duine eile den phobal gearán ar an ábhar a spreag an t-imscrúdú seo i dtús ama, is é sin an féilire imeachtaí. De réir na sonraí a chuir an gearánach ar fáil dúinn is i mBéarla amháin a bhí an féilire imeachtaí go fóill. Theastaigh ó m’Oifig an dul chun cinn a bhí déanta maidir le feidhmiú mholtaí an imscrúdaithe a phlé leis an Ard-Mhúsaem agus socraíodh cruinniú ar an ábhar sin le hoifigeach de chuid an Ard-Mhúsaem i mí Lúnasa 2010.

Dhírigh m’Oifig ar an dul chun cinn a mheas i leith na dtrí chroímholadh a rinneadh sa tuarascáil imscrúdaithe, is iad sin:

- go gcinnteodh Ard-Mhúsaem na hÉireann go mbeadh eilimint láidir dhátheangach feasta ag baint leis an bhféilire imeachtaí – an t-ábhar a spreag an gearán agus an t-imscrúdú a d’eascair as;
- go n-ullmhódh Ard-Mhúsaem na hÉireann straitéis a luaithe agus ab fhéidir lena chinntiú go mbeadh an eagraíocht ag comhlíonadh na ndualgas atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997;
- go n-ullmhódh Ard-Mhúsaem na hÉireann nóta gairid eolais ina dtabharfaí tuairisc ar an sárú reachtúil a bhí mar fhionnachtain ag an imscrúdú chomh maith le cuntas ar na moltaí a rinneadh san imscrúdú. Moladh san imscrúdú go scaipfí an nóta seo ar an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, ar chathaoirleach agus bord na heagraíochta agus ar bhaill foirne chuí. Bhí an méid sin le bheith déanta a luaithe agus ab fhéidir ach go cinnte laistigh de shé seachtaine ó dháta na tuarascála.

Le linn an chruinnithe a bhí ag m’Oifig le hArd-Mhúsaem na hÉireann, tugadh le fios dúinn nach raibh aon ghné dhátheangach bhreise ag baint leis an bhféilire imeachtaí ón am ar eisíodh an tuarascáil imscrúdaithe agus gur easpa acmhainní daonna agus airgeadais ba chúis lena laghad dul chun cinn a bhí déanta. In ainneoin na gconstaicí a bhí luaite ag an Ard-Mhúsaem, tháinig m’Oifig ar shocrú a chinnteodh go leasófaí an chéad leagan eile den fhéilire imeachtaí ionas go mbeadh an t-ábhar seasta ar nós ceanteideal, dátaí, léaráidí agus a leithéid foilsithe ar bhonn dátheangach. Aontaíodh an tráth sin go raibh sé indéanta an méid sin a bhaint amach agus leagan amach an fhoilseacháin agus na constaicí a bhí luaite ag an Ard-Mhúsaem linn á dtabhairt san áireamh. Bhí m’Oifig sásta go dtacódh an comhaontú a rinneadh le hArd-Mhúsaem na hÉireann le cur i gcrích mholadh an imscrúdaithe go mbeadh eilimint láidir dhátheangach san fhoilseachán áirithe seo.

Níor chuir Ard-Mhúsaem na hÉireann aon phlean ná straitéis a bhí dírithe ar chomhlíonadh na ndualgas atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 faoi bhráid m'Oifige aon am. Tugadh le fios dúinn, áfach, gur mheas an tArd-Mhúsaem go bhféadfadh an dréachtscéim teanga a bhí ullmhaithe ag an eagraíocht faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla a bheith mar bhunchloch ag an straitéis a bhí molta sa tuarascáil imscrúdaithe. Ghlac an Oifig seo le moladh ón Ard-Mhúsaem go leasófaí an dréachtscéim a bhí ullmhaithe agus go gcuirfí in oiriúint í don mholadh cuí a bhí déanta sa tuarascáil imscrúdaithe. D'iarr m'Oifig go gcuirfí dlús leis an obair sin agus go gcuirfí cóip den straitéis ar fáil dúinn a luaithe agus ab fhéidir. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil dúinn gur tharla an méid sin.

Maidir leis an moladh a bhí déanta ag an imscrúdú go n-ullmhófaí agus go scaipfí nóta eolais ar na páirtithe leasmhara, tugadh le fios dúinn go raibh Bord nua le ceapadh ar an Ard-Mhúsaem agus gur mheas an eagraíocht gurbh fhearr an nóta sin a scaipeadh ar bhaill an Bhoird nua. Ba chúis inní é nach raibh an nóta eolais scaipthe go fóill cé go raibh breis agus bliain caite ón am ar eisíodh an tuarascáil imscrúdaithe. Mar sin féin, bhí m'Oifig sásta glacadh leis an moladh a rinne an tArd-Mhúsaem fad agus nach mbeadh aon mhoill mhór ag baint le ceapadh an Bhoird nua.

I dtreo dheireadh mhí Lúnasa, rinne Ard-Mhúsaem na hÉireann teagmháil le m'Oifig ag tabhairt le fios nach mbeadh ar a chumas foilseachán an fhómhair den fhéilire a leasú de bharr na tréimhse gairide ama a bhí i gceist agus dúshláin theicniúla a bhí le sárú. Tugadh le fios do m'Oifig, áfach, go mbeadh an féilire imeachtaí leasaithe in am don chéad fhoilseachán eile a bhí le tarlú i mí Eanáir 2011.

Ba chúis iontais agus díomá dom nach ndearna Ard-Mhúsaem na hÉireann beart de réir briathair agus gur i mBéarla amháin a foilsíodh an féilire imeachtaí i mí Eanáir 2011. Níor thug an tArd-Mhúsaem aon réamhfhógra do m'Oifig nach raibh i gceist aici cloí leis na socruithe a bhí aontaithe eadrainn. Nuair a rinne m'Oifig teagmháil leis an Ard-Mhúsaem ar an ábhar, tugadh le fios dúinn nach raibh an acmhainn foirne ag an eagraíocht chun na leasuithe a bhí aontaithe a chur i gcrích. Ag an bpointe sin, shocraigh m'Oifig scríobh chuig Stiúrthóir an Ard-Mhúsaem ar an 2 Feabhra 2011 agus freagra i scríbhinn a lorg maidir le cur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe. Tá an comhfhreagra sin mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo.

Níor tugadh aon fhreagra ar an gcomhfhreagra sin ná níor cuireadh aon fhianaise ar fáil gur cuireadh aon cheann de mholtaí an imscrúdaithe reachtúil i ngníomh. Scríobh m'Oifig chuig Stiúrthóir an Ard-Mhúsaem an athuair ag tabhairt le fios dó go raibh i gceist agam tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ar an ábhar.

CAIBIDIL 4 – An Chéad Chéim Eile

Tá sé de chúram ormsa mar Choimisinéir Teanga gach beart riachtanach atá faoi réim m'údaráis a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí forálacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Déanaim an méid seo trí fhaireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí, comhairle a chur ar an bpobal maidir lena gcearta faoin Acht agus comhairle a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht.

Nuair a fheictear dom go bhféadfadh faillí a bheith á déanamh ag comhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh a ndualgas faoin Acht nó faoi fhorálacha aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge, tá sé de chumhacht agam imscrúdú a thionscnamh ar an ábhar.

Bíonn fionnachtana agus moltaí ina gcuid d'aon tuarascáil a eisím i ndiaidh dom imscrúdú a thabhairt chun críche. Faoin gcomhlacht poiblí a bhíonn sé na moltaí sin a chur i bhfeidhm laistigh de thréimhse réasúnach ama nó laistigh d'amchlár sonrach a bhíonn leagtha síos i dtuarascáil an imscrúdaithe. Tá sé de rogha agus de cheart ag aon pháirtí in imscrúdú faoin Acht nó aon duine eile a ndéanann mo chuid fionnachtana agus moltaí tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí.

I gcás an imscrúdaithe is ábhar don tuarascáil seo, ní dhearnadh a leithéid d'achomharc.

Tar éis tréimhse réasúnach ama a bheith caite ón am ar eisíodh tuarascáil an imscrúdaithe seo, scrúdaigh m'Oifig an bealach ina raibh na moltaí éagsúla á gcur i bhfeidhm ag Ard-Mhúsaem na hÉireann. Le linn an phróisis seo tugadh deis don Ard-Mhúsaem freagraí a bhreithniú i leith an bhealaigh inar cuireadh na moltaí i ngníomh. Níor thug Ard-Mhúsaem na hÉireann aon fhreagra i scríbhinn ar na hiarratais sin ná níor chloígh sé le socrúithe a bhí aontaithe le m'Oifig.

Tar éis an cás a athbhreithniú ina iomláine, feictear dom nach bhfuil na moltaí a rinneadh san imscrúdú curtha i bhfeidhm go sásúil ag Ard-Mhúsaem na hÉireann agus nach féidir liomsa, faoi réir na gcumhachtaí atá tugtha dom, aon chéim bhreise a ghlacadh chun cur ina luí orthu an méid sin a dhéanamh.

Is ar an mbunús sin a leagaim an tuarascáil seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Is ar Thithe an Oireachtais a thiteann sé anois aon chéimeanna breise a thógáil, má mheastar gur cuí sin a dhéanamh.

AGUISÍN A

Tuarascáil faoi alt 26 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar

Imscrúdú faoi fho-alt 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ard-Mhúsaem na hÉireann

IM-185A

Ábhar an Imscrúdaithe

An amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil na dualgais reachtúla atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* á gcomhlíonadh ag Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le:

- (i) líon leordhóthanach d'fhoireann an Ard-Mhúsaeim a bheith inniúil sa Ghaeilge chun go mbeifí in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla fad agus a bhaineann sé le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim agus
- (ii) an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn le linn dó a fheidhmeanna a chur i gcrích i dtaca le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim?

CLÁR

CAIBIDIL 1 – Cúlra	lch 3
CAIBIDIL 2 – An tImscrúdú	lch 5
CAIBIDIL 3 – Cás Ard-Mhúsaem na hÉireann	lch 6
CAIBIDIL 4 – Frithargóintí	lch 9
CAIBIDIL 5 – Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú	lch 10
CAIBIDIL 6 – Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí	lch 14
CAIBIDIL 7 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt	lch 16
CAIBIDIL 8 – Tuairimí á Lorg	lch 17

AGUISÍN A

AGUISÍN B

CAIBIDIL 1

Cúlra

Rinne ball den phobal teagmháil le m’Oifig i mí na Samhna 2008 le gearán a dhéanamh nach raibh fáil ar sheirbhís eolais de chuid an Ard-Mhúsaem, mar atá féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaem (*“Calendar of Events”*), ach i mBéarla amháin agus nach raibh aon aitheantas don Ghaeilge sa tseirbhís eolais sin.

Tá foráil ar leith sa *National Cultural Institutions Act 1997* (nach bhfuil leagan Gaeilge ar fáil dó) a bhaineann le fostú foirne san Ard-Mhúsaem (fo-alt 30(1)) agus tá ceanglas ar leith i gceist maidir le hinniúlacht i nGaeilge agus i mBéarla chun seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla:

“Alt 30 —(1) A Board may appoint such and such number of persons to be members of the staff of the Board (an adequate number of whom should be competent in the Irish language so as to provide service through Irish as well as English) as it may determine with the consent of the Minister and the Minister for Finance.”

Tá tagairt eile déanta don Ghaeilge in alt 11 den Acht céanna:

“Alt 11 —(1) The principal functions of the Board of the Museum shall be to maintain, manage, control, protect, preserve, record, research and enlarge the collection of museum heritage objects for the benefit of the public and to increase and diffuse in and outside the State knowledge of human life in Ireland, of the natural history of Ireland and of the relations of Ireland in these respects with other countries.

(2) The Board shall have all such powers as it considers necessary or expedient for the performance of its functions under this Act including, but without prejudice to the foregoing, the following powers:

(1) to foster and promote the Irish language in the course of the performance of its functions,”

Tá sé curtha mar dhualgas reachtúil ormsa i bhfo-alt 21(f) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 *“imscrúdú a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheith déanta leis nó léi ag aon duine, chun a fháil amach an amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d’aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh.”*

Is léir gur forálacha d’achtachán a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge iad fo-alt 30(1) agus fo-alt 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997*.

Rinne m’Oifig iarracht an cheist seo a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil le hArd-Mhúsaem na hÉireann ach níor éirigh leis an iarracht sin. Dá bhrí sin, shocraigh mé imscrúdú a sheoladh chun a fháil amach an amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil na forálacha sin a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúil á gcomhlíonadh.

Leagtar amach go reachtúil in ailt 23-29 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla an córas le himscrúduithe a sheoladh.

Leagtar amach freisin na cumhachtaí atá bronnta ar an gCoimisinéir Teanga, ina measc:

“Chun críche a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Choimisinéara, faisnéis aige nó aici, nó a bhfuil cumhacht nó rialú aige nó aici ar thairfead nó ar rud, a bhaineann leis na críocha réamhráite, aon fhaisnéis, tairfead nó rud den sórt sin a thabhairt don Choimisinéir agus, más cuí, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine freastal os a chomhair nó os a comhair chun na críche sin, agus comhlíonfaidh an duine an ceanglas.” (Fo-alt 22(1)(a)).

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta poiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéanfar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Cuireadh dréacht-tuarascáil (gan osradharc, fionnachtana ná moltaí) faoi bhráid Ard-Mhúsaem na hÉireann le deis a thabhairt don chomhlacht poiblí a léiriú dom má bhí aon mhí-bhrí bainte agam as an eolas a bhí curtha ar fáil ag an eagraíocht dom san imscrúdú.

Tugadh aird chuí ar a raibh le rá ag Ard-Mhúsaem na hÉireann in ullmhú leagan críochnaitheach den tuarascáil agus rinneadh meá chúramach idir dearcadh Ard-Mhúsaem na hÉireann agus an léirmhíniú cuí ar fhoclaíocht na reachtaíochta.

CAIBIDIL 2

An tImscrúdú

Bheartaigh mé imscrúdú a sheoladh de réir an nós imeachta atá leagtha amach chuige sin in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar 26 Eanáir 2009.

Theastaigh uaim a chur ó amhras go raibh nó nach raibh na dualgais reachtúla atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* á gcomhlíonadh ag Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le:

- (iii) líon leordhóthanach d'fhoireann an Ard-Mhúsaem a bheith inniúil sa Ghaeilge chun go mbeifí in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla fad agus a bhaineann sé le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaem agus
- (iv) an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn le linn dó a fheidhmeanna a chur i gcrích i dtaca le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaem.

Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann (ina cháil mar cheann an chomhlachta phoiblí) ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith, chomh maith le haon fhaisnéis, taifid, nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D'iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil roimh nó ar 16 Feabhra 2009 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an t-imscrúdú trí theagmháil le m'Oifig. Cuireadh fad leis an tréimhse ama d'ullmhú freagra ar iarratas ón Ard-Mhúsaem.

Seoladh an chéad fhreagra ó Ard-Mhúsaem na hÉireann chugam le litir dar dáta 26 Feabhra 2009. Tá an litir sin mar **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo. D'iarr mé eolas breise agus faisnéis bhreise agus fuair mé sin ar 26 Márta 2009. Tá an chumarsáid sin mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo.

Comhoibriú

Cuireadh an t-eolas, faisnéis agus eile ar fad a bhí iarrtha san imscrúdú ar fáil go críochnúil agus go gairmiúil dom. Is mór agam an comhoibriú a thug Ard-Mhúsaem na hÉireann dom le linn an phróisis imscrúdaithe.

CAIBIDIL 3

Cás Ard-Mhúsaem na hÉireann

Sa chéad fhreagra a thug Ard-Mhúsaem na hÉireann ar an imscrúdú, bhí an méid seo le rá: *“Tuigeann Ard-Mhúsaem na hÉireann a fhreagrachtaí agus a oibleagáidí faoi Acht na nInstitiúidí Cultúrtha i dtaca leis an nGaeilge agus glacann leis na freagrachtaí agus na hoibleagáidí sin. Tá seirbhísí éagsúla bunaithe ag an Músaem agus doiciméid eolais curtha ar fáil i nGaeilge chun freastal dá oibleagáidí.*

Ba léir ón bhfreagra nach raibh Ard-Mhúsaem na hÉireann ag glacadh leis go raibh sí ag sárú na forálacha sa *National Cultural Institutions Act 1997* a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.

Mar thaca leis an méid seo, leag an tArd-Mhúsaem amach sa fhreagra seo go sonrath na seirbhísí ar fad a chuireann sí ar fáil trí mheán na Gaeilge (AGUISÍN A) agus sheol sí ar aghaidh samplaí de na cáipéisí a bhí luaite.

Thug an tArd-Mhúsaem le fios don imscrúdú go bhfuil forbairt leanúnach á déanamh ar sheirbhísí poiblí Gaeilge agus ar sholáthar eolais i nGaeilge san Ard-Mhúsaem, agus go raibh dréachtscéim teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a bhí leagtha faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta mar chruthúnas air seo.

Dúradh go bhfuil an tArd-Mhúsaem *“ag cur níos mó eolais ar fáil i nGaeilge an t-am ar fad”* agus go gcuirtear príomhdhoiciméid straitéiseacha agus príomhdhoiciméid phoiblí ar fáil i nGaeilge i gcónaí.

Dearbhaíodh go raibh an tArd-Mhúsaem réamhghníomhach i gcónaí i dtaca le feabhas a chur ar chumas Gaeilge na foirne. Cuireadh in iúl don imscrúdú mar fhianaise air seo gur cuireadh *“oiliúint intí Ghaeilge ar fáil don fhoireann ar fad i bhfómhar na bliana 2008. Tugadh cuireadh don fhoireann freastal ar ranganna agus mheasúnaigh an eagraíocht Gaelcultúr cumas na ndaoine a ghlac leis an gcuireadh. Cuireadh ranganna dhá uair an chloig sa tseachtain ar fáil ag leibhéal na dTosaitheoirí, ag an mBunleibhéal agus ag Meánleibhéal ar feadh dhá sheachtain déag ó Mheán Fómhair go Nollaig.”*

Thug an tArd-Mhúsaem le fios go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh aige faoi láthair ar a pholasáí earcaíochta agus dúradh go dtógfar san áireamh ansin a chuid oibleagáidí reachtúla agus *“intinn straitéiseach an Mhúsaem chun cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú”*.

Cuireadh in iúl don imscrúdú chomh maith gur fógraíodh gach comórtas earcaíochta sa dá theanga oifigiúla ó mhí Aibreáin 2008 agus gurb é polasaí an Ard-Mhúsaem *“go mbeadh cumas Gaeilge ar na riachtanais inmhianaithe agus iarratais á meas le haghaidh gach post sinsearach agus gach post ina mbíonn caidreamh ag an sealbhóir leis an bpobal ag an Músaem”*.

Maidir le ceist ar leith faoin bhFéilire Imeachtaí a bheith ar fáil i mBéarla amháin ón Ard-Mhúsaem, tugadh an t-eolas seo a leanas:

“...féadaim a rá leat go bhfuil an Féilire Imeachtaí á fhoilsiú ag an Músaem ó 1999 i leith. Foilseachán ráithiúil is ea é a fhógraíonn imeachtaí agus gníomhaíochtaí an Mhúsaeim. Cuirtear é ar fáil do chuirteoirí ar an Mhúsaem agus lena chois sin eisítear é do bhunachar sonraí de thuairim is 12,000 duine atá tar éis é a iarraidh. Beart fógraíochta is ea Féilire na nImeachtaí agus dá réir sin níor cuireadh san áireamh é i ndruchtscéim Ghaeilge an Mhúsaeim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Leanfar de sheirbhísí agus d’eolas i nGaeilge a chur ar fáil de réir oibleagáidí an Mhúsaeim faoin reachtaíocht agus de réir mar is féidir leis na hacmhainní atá againn. Breithneofar arbh fhéidir Féilire na nImeachtaí a chur ar fáil i nGaeilge mar chuid d’fhorbairt leanúnach na seirbhísí eolais ach i ngeall ar an gcostas a bhainfeadh leis, agus an easpa airgid atá ann faoi láthair, ní cosúil go mbeidh ar ár gcumas é sin a dhéanamh go ceann i bhfad.”

Bhraith mé gur dhúisigh an freagra seo roinnt ceisteanna eile agus tharraing mé na ceisteanna sin anuas leis an Ard-Mhúsaem i litir dar dáta 3 Márta 2009. Is don tréimhse ón 3 Bealtaine 2005 is mó a bhí na ceisteanna seo ag tagairt, mar gur ar an dáta sin a tugadh éifeacht don fhoráil chuí den *National Cultural Institutions Act 1997* a bhunaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann mar institiúid náisiúnta uathrialach.

Thug an tArd-Mhúsaem freagra cuimsitheach ar na ceisteanna sin ina dara litir chuig an imscrúdú ar 26 Márta 2009.

Tugadh le fios sa dara fhreagra sin gur ceapadh 103 iarrthóir i bpoist éagsúla idir poist shealadacha is bhuna le linn na tréimhse ó 3 Bealtaine 2005 i leith agus go raibh “eolas ar an nGaeilge nó inniúlacht inti:

- (a) riachtanach in 0 cás
- (b) inmhianaithe in 17 cás.

Níor rinneadh aon tagairt don Ghaeilge in 86 cás.”

Dearbhaíodh don imscrúdú gur i réimsí mar a mbíonn teagmháil dhíreach leis an bpobal a bhí na poist ina raibh an Ghaeilge inmhianaithe agus gur poist bhuna gach ceann acu seachas post amháin.

Freagraíodh an dara agus an tríú ceist ón imscrúdú i dtaca le poist áirithe a bheith aitheanta mar phoist go mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge de dhíth iontu agus maidir leis an líon foirne a bheadh riachtanach le dualgais an Ard-Mhúsaeim a chomhlíonadh sa dá theanga mar seo a leanas:

“D’fhéach an Músaem le hinniúlacht sa Ghaeilge na foirne a bhí cheana ann a aithint agus le hoiliúint foirne a chur chun cinn chun go mbeadh clúdach Gaeilge ar fud na heagraíochta. Mí Mheán Fómhair 2006, eisíodh ceistneoir do gach ball d’fhoireann an Mhúsaeim chun inniúlacht scríofa, inniúlacht i dteagmháil dhíreach agus inniúlacht ar an bhfón a mheasúnú. In dhá cheann is seasca den céad is a deich freagra a fuarthas ó dhá chéad ball foirne, nó geall leis (30% d’fhoireann iomlán an Mhúsaeim), dúirt na freagróirí go raibh inniúlacht acu i gceann amháin nó níos mó den trí fhoirm

chumarsáide. I ndiaidh torthaí an tsuirbhé a chomhthiomsú, d'fhéach an Músaem le déileáil leis na bearnaí i gclúdach Gaeilge san eagraíocht.“

Cuireadh in iúl dúinn go raibh ranganna Gaeilge curtha ar fáil san Ard-Mhúsaem ó Mheán Fómhair 2008 a bhí dírithe ar obair an Ard-Mhúsaeim agus go raibh an tArd-Mhúsaem ag súil go mbeidh seisear ball is caoga den fhoireann ar a laghad tar éis freastal ar na cúrsaí sin faoi dheireadh na bliana 2009. Ag áireamh gur fhág cuid den fhoireann a bhí inniúil sa Ghaeilge ón uair go ndearnadh an suirbhé foirne, mheas an tArd-Mhúsaem go mbeadh *“leibhéal éigin inniúlachta sa Ghaeilge ag naonúr is seachtó fostaí (40%) den Mhúsaem faoi lár 2009.”* Anuas air sin, dúradh go bhfuil an tArd-Mhúsaem ag déanamh urraíochta *“chun gur féidir le fostaíthe a bheith páirteach i Scéimeanna Scoláireachta Gaeltachta i nGaeltachtaí na Gaillimhe, Dhún na nGall agus Chiarraí trí Ghaeleagras. Bhain ball foirne amháin den Mhúsaem leas as an scéim i samhradh 2008. Meastar nach fada go mbeidh baill foirne agus dóthain Ghaeilge acu ar fáil i ngach rannóg/rannán den Mhúsaem seachas i Rannán Stair an Dúlra.*“

Tugadh le fios don imscrúdú go n-athrófaí an próiseas earcaíochta san Ard-Mhúsaem, tar éis do na cúrsaí teanga a bheith déanta ag baill foirne faoi Mheitheamh 2009, chun tacú le gealltanais an Ard-Mhúsaeim i leith na Gaeilge. Dheimhnigh an tArd-Mhúsaem go bhféachfaidh sé le *“béim láidir a chur ar an nGaeilge agus foireann á hearcú le haghaidh rannóg/rannán mar a bhféadfadh go mbeadh bearna sa chlúdach Gaeilge.”*

Mar fhocal scoir, dúirt an tArd-Mhúsaem go raibh sé tiomanta *“inniúlacht Ghaeilge na foirne a fheabhsú agus a úsáid”* ach thug sé rabhadh go bhfuil laghdú mór déanta ar leithdháileadh airgeadais an Ard-Mhúsaeim don bhliain 2009 agus i bhfianaise sin go bhfuil an chosúlacht air nach mbeadh aon bhaill foirne eile á n-earcú ag an Ard-Mhúsaem.

CAIBIDIL 4

Frithargóintí

Agus meá chúramach á déanamh ar an gcás seo, caithfear frithargóintí i leith sheasamh agus dhearcadh Ard-Mhúsaem na hÉireann a mheas sula ndéanfar aon fhionnachtana nó moltaí, mar is gá in aon imscrúdú den chineál seo. Caithfear forléiriú dlíthiúil a dhéanamh ar na forálacha cuí (fo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* le teacht ar léirmhíniú cruinn.

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a áireamh ina measc sin a chothódh frithargóintí san imscrúdú seo:

- Cén dualgas a leagan fo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) ar Ard-Mhúsaem na hÉireann?
- An leor go mbeadh “seirbhísí éagsúla” de chuid an Ard-Mhúsaem ar fáil leis an bhforáil seo a shásamh?
- An féidir le scéim teanga faoi alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla teorannú a dhéanamh ar na seirbhísí i nGaeilge atá faoi chaibidil i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* ?
- An leor Gaeilge a bheith “*inmhianaithe*” do phoist áirithe le fo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* a chomhlíonadh?
- An gá go mbeadh poist áirithe sonrith mar phoist ina mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach leis na forálacha cuí a shásamh?
- An féidir seirbhís i nGaeilge a theorannú “*de réir mar is féidir le na hacmhainní atá againn*” leis na forálacha cuí a shásamh nó an cóir go mbeadh fáil ar líon leordhóthanach foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge le gach seirbhís de chuid an Ard-Mhúsaem atá ar fáil i mBéarla a sholáthar freisin i nGaeilge leis na hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh?
- An seirbhís de chuid an Ard-Mhúsaem í soláthar an Féilire Imeachtaí a ba chúis leis an imscrúdú seo?
- An ndéanann fo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* idirdhealú idir seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí eile?

Caithfidh an t-imscrúdú cás iomlán Ard-Mhúsaem na hÉireann a mheá go cothrom, go cúramach agus go stuama agus na frithargóintí thuas, agus cinn eile nach iad más ann dóibh, a chur san áireamh sula ndéanfar cinneadh i leith ábhar an imscrúdaithe seo. Is i ndeireadh an phróisis sin amháin gur féidir fionnachtana agus moltaí a dhéanamh bunaithe ar an imscrúdú.

CAIBIDIL 5

Osradharc Ginearálta ar an Imscrúdú

Acht v Scéim teanga

Ba léir don imscrúdú ó na freagraí a cuireadh ar fáil go bhfuil réimse leathan seirbhísí de chuid an Ard-Mhúsaem curtha ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Rinne Ard-Mhúsaem na hÉireann cás leis an imscrúdú seo go raibh siad ag déileáil le forbairt ar sheirbhísí trí Ghaeilge mar chuid dá dréachtscéim teanga atá le haontú go fóill leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi ailt 11-19 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is bunphrionsabal de chuid an dlí é, áfach, nach féidir le haon fhoráil i scéim teanga maolú, laghdú nó leasú a dhéanamh ar fhorálacha reachtúla atá daingnithe cheana féin in Acht de chuid an Oireachtais, sa chás seo an *National Cultural Institutions Act 1997*. Ós rud é go bhfuil dualgas díreach ar an Ard-Mhúsaem faoin reachtaíocht seo, caithfear tús áite a thabhairt don dualgas seo thar aon scéim teanga.

Reachtaíocht faoi leith

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ar an mbeagán comhlachtaí poiblí a bhfuil forálacha sonracha reachtúla teanga daingnithe ag an Oireachtas ina leith maidir le líon leordhóthanach foirne a bheith inniúil sa Ghaeilge chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge agus maidir le dualgas an Ard-Mhúsaem an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ní féidir an tArd-Mhúsaem a áireamh ar an mbealach céanna le comhlachtaí poiblí nach mbaineann na dualgais reachtúla sin leo.

Seo a leanas na forálacha atá i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* :

“Alt 30 —(1) A Board may appoint such and such number of persons to be members of the staff of the Board (an adequate number of whom should be competent in the Irish language so as to provide service through Irish as well as English) as it may determine with the consent of the Minister and the Minister for Finance.”

agus:

“Alt 11 —(1) The principal functions of the Board of the Museum shall be to maintain, manage, control, protect, preserve, record, research and enlarge the collection of museum heritage objects for the benefit of the public and to increase and diffuse in and outside the State knowledge of human life in Ireland, of the natural history of Ireland and of the relations of Ireland in these respects with other countries.

(2) The Board shall have all such powers as it considers necessary or expedient for the performance of its functions under this Act including, but without prejudice to the foregoing, the following powers:

(1) to foster and promote the Irish language in the course of the performance of its functions,”

Seirbhísí trí Ghaeilge

Is féidir an cás a dhéanamh gur chinn an tOireachtas in achtú na reachtaíochta seo go mbeadh Ard-Mhúsaem na hÉireann ag soláthar seirbhísí i nGaeilge chomh maith lena

soláthar trí Bhéarla agus, chuige sin, gur ghá líon leordhóthanach foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge a bheith ina measc sin a cheapfaí.

Is féidir freisin an cás a dhéanamh nár shamhlaigh an tOireachtas in achtú na reachtaíochta gur *“seirbhísí éagsúla”* a bheadh á soláthar ag Ard-Mhúsaem na hÉireann i nGaeilge. Chomh maith leis sin, ní fheictear don imscrúdú go ndearnadh aon teorannú sa reachtaíocht a thabharfadh le fios nárbh ghá ach *“príomhdhoiciméid straitéiseacha agus príomhdhoiciméid phoiblí”* a chur ar fáil i nGaeilge.

Feictear don imscrúdú go gcuimsíonn fo-alt 30(1) seirbhísí uile an Ard-Mhúsaem agus nach bhfuil aon idirdhealú déanta faoin reachtaíocht idir sheirbhísí éagsúla ar leith, mar shampla seirbhísí fógraíochta mar atá san Fhéilire Imeachtaí. Go deimhin, feictear don imscrúdú go bhfuil an Féilire Imeachtaí mar chuid de sheirbhísí ginearálta an Ard-Mhúsaem agus má bheartaíonn an tArd-Mhúsaem a leithéid a sholáthar i mBéarla, ní féidir neamhaird ghlan a dhéanamh den dualgas i leith na Gaeilge.

Ar nós gach comhlacht poiblí eile, caithfidh an tArd-Mhúsaem feidhmiú laistigh den acmhainn airgeadais atá mar bhuiséad aige agus tuigeann an t-imscrúdú go maith na teorainneacha atá i gceist san aeráid reatha eacnamaíochta. Fós féin, níl aon teorannú déanta sa reachtaíocht gur *“de réir mar is féidir le na hacmhainní atá againn”* a mheasfar céard iad na seirbhísí is féidir a sholáthar i nGaeilge seachas i mBéarla. Is faoin Ard-Mhúsaem atá sé a chinntiú go gcuirtear na dualgais reachtúla teanga faoin Acht i bhfeidhm taobh istigh den leithdháileadh airgeadais a thugtar don eagraíocht.

Líon leordhóthanach foirne le Gaeilge

Is ar an Ard-Mhúsaem a thiteann an dualgas faoin reachtaíocht seo an líon foirne a bheadh leordhóthanach lena seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge a ríomh. Níl aon amhras ann ach go ndearna Ard-Mhúsaem na hÉireann faillí sa ghnó seo ón 3 Bealtaine 2005 nuair a cuireadh tús feidhme leis an reachtaíocht. As an 103 duine a ceapadh ar an bhfoireann ó shin i leith, ní raibh an Ghaeilge riachtanach i gcás aon cheapachán; bhí an Ghaeilge inmhianaithe i 17 cás, áit a mbíonn teagmháil dhíreach leis an bpobal, agus ní dhearnadh aon tagairt don Ghaeilge i 86 cás.

Is léir ón eolas a tugadh don imscrúdú nach raibh an tArd-Mhúsaem ag tabhairt an dualgais reachtúil atá air maidir le ceapadh líon leordhóthanach foirne le Gaeilge san áireamh mar is ceart agus earcaíocht ar siúl ag an eagraíocht go dtí seo. D’admhaigh an tArd-Mhúsaem don imscrúdú go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh aige i láthair na huaire ar a bheartas earcaíochta agus go bhfuil sé i gceist an próiseas earcaíochta a athrú tar éis Meitheamh 2009. Dúradh gurb é *“beartas Ard-Mhúsaem na hÉireann go mbeadh cumas Gaeilge ar na riachtanais inmhianaithe agus iarratais á meas le haghaidh gach post sinsearach agus gach post ina mbíonn caidreamh ag an sealbhóir leis an bpobal ag an Músaem.”*

Is fiú a bheith airdeallach go bhfuil difríocht shuntasach idir cumas Gaeilge a bheith “inmhianaithe” agus “riachtanach” i dtéarmaí earcaíochta. Ciallaíonn “inmhianaithe” gur féidir leis an Ard-Mhúsaem ceapacháin a dhéanamh beag beann ar chumas Gaeilge ós rud é go bhfuil cumas sa teanga inmhianaithe mar chritéar cáilitheachta. Ciallaíonn

“riachtanach” go gcaithfidh an tArd-Mhúsaem cumas sa Ghaeilge a aithint mar chritéar cáilitheachta éigeantach chun ceapacháin a dhéanamh.

Ba cheart go mbeadh straitéis dheimhneach ag an Ard-Mhúsaem ina mbeadh sé aitheanta agus soiléir cén líon foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge a bheadh leordhóthanach leis an dualgas teanga atá daingnithe ag an Oireachtas a chomhlíonadh. Ba cheart gur de réir fhorálacha na straitéise sin a líonfaí folúntais ar an mbonn go raibh nó nach raibh duine le hinniúlacht sa Ghaeilge riachtanach.

Is faoin Ard-Mhúsaem go príomha atá sé “léarscáil bhóithre” a ullmhú leis an eagraíocht a threorú óna hionad reatha neamhrechtúil go ceann scríbe ina mbeidh sé dílis don dualgas reachtúil atá daingnithe sa dlí ag an Oireachtas agus an t-aistear sin a chríochnú laistigh den tréimhse ama is giorra. Is faoin Ard-Mhúsaem atá sé cinneadh a ghlacadh maidir leis an líon foirne atá riachtanach chun seirbhísí i nGaeilge a sholáthar agus maidir leis na poist go bhfuil sé riachtanach feasta daoine le Gaeilge a earcú dóibh. Ós rud é go ndúirt an tArd-Mhúsaem leis an imscrúdú gur cosúil nach mbeidh aon bhaill foirne eile á n-earcú le linn 2009, ba chóir an deis seo a thapú le polasaí earcaíochta, atá ag teacht leis an dualgas reachtúil teanga, a chur i dtoll a chéile.

Idir an dá linn, áfach, ní mór don Ard-Mhúsaem an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as na hacmhainní foirne atá ann le cinntiú go bhfuil seirbhís trí Ghaeilge á soláthar i ngach rannán den eagraíocht. Rinne an tArd-Mhúsaem cur síos don imscrúdú ar na modhanna oiliúna a úsáidtear le cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú. Thug an tArd-Mhúsaem le fios don imscrúdú go mbeidh *“leibhéal éigin inniúlachta sa Ghaeilge ag naonúr is seachtó fostaí (40%) den Mhúsaem faoi lár 2009”*. Dúradh freisin leis an imscrúdú: *“Meastar nach fada go mbeidh baill foirne agus dóthain Ghaeilge acu ar fáil i ngach rannóg/rannán den Mhúsaem seachas i Rannán Stair an Dúlra.”* Tá an oiliúint atá ar siúl ag an Ard-Mhúsaem leis an bhfoireann reatha inmholta agus caithfear leanúint leis seo chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil i ngach rannán den eagraíocht.

Sa ghearrthéarma, is léir gur cheart don Ard-Mhúsaem tús áite a thabhairt do phlean gníomhaíochta le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na hacmhainní foirne atá ann nó as conraitheoirí nó gníomhairí ar conradh, más gá, nó trí aon bhealach cuí eile a bheartófaí. Níor cheart, áfach, go bhfeicfí sin mar rogha ar an dualgas reachtúil i dtaobh bhaill foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge a fhostú ach mar ghníomh eatramhach, gearrthéarmach.

CAIBIDIL 6

Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí liom ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Fionnachtain an Imscrúdaithe

Is í seo a leanas fionnachtain an imscrúdaithe:

Nach bhfuil na dualgais reachtúla atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* á gcomhlíonadh ag Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le:

- (i) líon leordhóthanach d'fhoireann an Ard-Mhúsaeim a bheith inniúil sa Ghaeilge chun go mbeifí in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla fad agus a bhaineann sé le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim agus
- (ii) an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn le linn dó a fheidhmeanna a chur i gcrích i dtaca le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim.

Moltaí an Imscrúdaithe

Ag féachaint don imscrúdú is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga:

- Go gcinnteoidh Ard-Mhúsaem na hÉireann go mbeidh eilimint an-láidir dhátheangach feasta ag baint leis an bhFéilire Imeachtaí, an t-ábhar a spreag an gearán agus an t-imscrúdú seo a d'eascair as.
- Go n-ullmhóidh Ard-Mhúsaem na hÉireann straitéis a luaithe agus is féidir le cinntiú go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh na ndualgas atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a bheith ag líon leordhóthanach foirne le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla.
- Go nglacfaidh an tArd-Mhúsaem leis go bhféadfadh go gciallóidh an straitéis seo go mbeidh sé riachtanach dóibh daoine le hinniúlacht sa Ghaeilge a cheapadh ag gach deis earcaíochta feasta go dtí go mbeidh an líon leordhóthanach foirne le Gaeilge bainte amach acu chun na dualgais reachtúla teanga faoin *National Cultural Institutions Act 1997* a chomhlíonadh.
- San idirlinn mar ghníomh eatramhach, gearrthéarmach, más gá, agus i bhfianaise an lánchoisc earcaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair, go dtí go mbeidh an dualgas reachtúil teanga á chomhlíonadh go hiomlán, go dtabharfaidh Ard-Mhúsaem na

hÉireann tús áite d'iarrachtaí cuí le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na hacmhainní foirne atá ann, as deiseanna oiliúna Gaeilge don fhoireann reatha, as conraitheoirí nó gníomhairí ar conradh, nó as aon bhealach cuí eile a bheartófar.

- Go n-ullmhóidh Ard-Mhúsaem na hÉireann nóta gairid eolais ina mbeidh tuairisc ar an sárú reachtúil atá mar fhionnachtain ag an imscrúdú seo agus ar mholtaí an imscrúdaithe seo.
- Go seolfaidh an tArd-Mhúsaem an nóta eolais thuasluaite i scríbhinn nó le ríomhphost chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, chuig cathaoirleach agus bord na heagraíochta agus chuig baill foirne cuí a luaithe agus is féidir, ach laistigh de sé seachtaine ó dháta na tuarascála seo.
- Go gcuirfidh Ard-Mhúsaem na hÉireann cóip den nóta eolais thuasluaite chugam mar Choimisinéir Teanga a luaithe agus a ullmhófar é.
- Go dtuigfidh Ard-Mhúsaem na hÉireann go mbeidh sé de cheart ag Oifig an Choimisinéara Teanga filleadh arís in am tráth, más cuí, le deimhin a dhéanamh go bhfuiltear ag cloí leis na dualgais teanga atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997*.

CAIBIDIL 7

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdaithe den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a bheith tugtha don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin I.R.14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Alt 28(1)

“Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.”

Alt 28(2)

“Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.”

Alt 28(3)(a)

“I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.”

Alt 28(3)(b)

“Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.”

Alt 28(4)

“Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrúfar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.”

CAIBIDIL 8

Tuairimí á Lorg

Faoi alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iarraim mar Choimisinéir Teanga ar Ard-Mhúsaem na hÉireann aon tuairimí a bheadh ag an Ard-Mhúsaem maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag an Ard-Mhúsaem.

Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Dáta: _____

AGUISÍN B

Dr. Patrick F Wallace
Stiúrthóir
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Beairic Uí Choileáin
Sráid na Binne Boiribe
Baile Átha Cliath 7

2 Feabhra 2011

Tag: Imscrúdú IM-185A

A Stiúrthóir, a chara,

Tagraím don imscrúdú reachtúil a rinne an Coimisinéir Teanga ar Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi réir na gcumhachtaí atá tugtha dó in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Ba é comhlíonadh na ndualgais reachtúla atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* a bhí mar ábhar don imscrúdú sin. Eisíodh tuarascáil i leith an imscrúdaithe chuig na páirtithe cuí, Ard-Mhúsaem na hÉireann san áireamh, ar an 15 Bealtaine 2009.

Ba é cinneadh an Choimisinéara Teanga, de thoradh an imscrúdaithe, nach raibh Ard-Mhúsaem na hÉireann ag comhlíonadh na dualgais atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* chomh fada agus a bhain sé le

- (iii) líon leordhóthanach d'fhoireann an Ard-Mhúsaeim a bheith inniúil sa Ghaeilge chun go mbeifí in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla fad agus a bhaineann sé le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim agus
- (iv) an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn le linn dó a fheidhmeanna a chur i gcrích i dtaca le soláthar féilire imeachtaí an Ard-Mhúsaeim.

Eagraíodh cruinniú ar an 13 Lúnasa 2010 idir oifigigh de chuid na hOifige seo agus oifigeach de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí an imscrúdaithe. Aontaíodh ar chur chuige maidir le cur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe ag an gcruinniú sin. Go sonrach socraíodh go leasófaí an féilire imeachtaí ionas go mbeadh an t-ábhar seasta ar nós na ceanteidil, dátaí, léaráidí agus a leithéid foilsithe ar bhonn dátheangach. Bhí an méid seo le bheith curtha i bhfeidhm d'eagrán an Fhómhair. Ar iarratas ón Ard-Mhúsaem socraíodh go dtabharfaí síneadh ama do chur i bhfeidhm an tsocraithe seo agus go gcuirfí na leasaithe i bhfeidhm d'eagrán mhí Eanáir 2011.



Chomh maith leis an méid seo socraíodh go n-ullmhódh an tArd-Mhúsaem straitéis do chomhlíonadh na ndualgais atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997*. Glacadh leis go bhféadfadh an dréachtscéim teanga atá ullmhaithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann a bheith mar thús-phointe don phróisis seo. Shoiléirigh an Oifig seo go gcaithfidh pé straitéis a d'ullmhófaí freagairt do mholtaí an imscrúdaithe.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, tá an chosúlacht air nach bhfuil na socraithe a aontaíodh ag an gcrúinniú sin á gcur i bhfeidhm go fóill ag an Ard-Mhúsaem. Go háirithe feictear dúinn nach bhfuil na leasaithe a aontaíodh maidir leis an bhféilire imeachtaí a foilsíodh i mí Eanáir 2011 curtha i gcrích. Is cúis díomá agus inmí dúinn an méid sin.

Ar an mbunús sin tá an Oifig seo ag cur tús le faireachán foirmiúil maidir le cur i bhfeidhm moltaí an imscrúdaithe. Is mian linn ag an tráth seo cuntas a fháil ó Ard-Mhúsaem na hÉireann ar na céimeanna a glacadh chun moltaí an imscrúdaithe a chur i bhfeidhm.

Tá an t-eolas seo á lorg againn mar go bhfuil sé d'údarás ag an gCoimisinéir Teanga céimeanna áirithe a thógáil sa chás go dtiocfadh sé ar an tuairim nach raibh aon chuid de mholtaí imscrúdaithe curtha i bhfeidhm ag comhlacht poiblí. Tá na forálacha seo a leanas i bhfo-ailt 26(5) agus 26(6) den Acht:

“Más rud é, laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis tuarascáil a bhfuil moltaí inti a chur faoi bhráid comhlachta phoiblí faoi fho-alt (2), nach mbeidh, i dtuairim an Choimisinéara, aon chuid de na moltaí atá sa tuarascáil curtha i ngníomh ag an gcomhlacht sin, féadfaidh an Coimisinéir, tar éis aon fhreagraí a bhreithniú a bheidh tugtha ag an gcomhlacht poiblí dó nó di i leith na moltaí sin, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir leis an gcéanna.” (fo-alt 26(5))

“Cuirfidh an Coimisinéir ag gabháil le gach tuarascáil faoi fho-alt (5) cóip de gach freagra (más ann) a bheidh tugtha ag comhlacht poiblí nó thar a cheann ar na moltaí sin.” (fo-alt 26(6))

Sa chaoi is gur féidir leis an gCoimisinéir Teanga teacht ar thuairim faoi fheidhmiú mholtaí an imscrúdaithe, ba mhór againn freagra a fháil ar na ceisteanna atá leagtha amach san aguisín iniata leis seo. D'fháilteoimis roimh na freagraí sin a luaithe agus is féidir ach laistigh de 3 seachtaine ó dháta na cumarsáide seo, is é sin faoin **23 Feabhra 2011**.

Is mór againn do chomhoibriú sa ghnó seo agus tá fáilte romhat féin nó aon duine thar do cheann teagmháil a dhéanamh liom má tá aon cheisteanna agaibh i leith an ábhair seo.

Is mise, le meas,

Colm Ó Coisdealbha
Bainisteoir Géilliúlachta

c.c. Seamus Lynam

Aguisín

1. Tabhair cuntas maidir le haon leasaithe atá curtha i gcrích ag Ard-Mhúsaem na hÉireann a chinntíonn go mbíonn eilimint an-láidir dhátheangach ag baint leis an bhféilire imeachtaí.
2. Soláthar cóip d'aon straitéis a d'fhorbair Ard-Mhúsaem na hÉireann agus a bhfuil de chuspóir aige go gcomhlíontar na ndualgas atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge a bheith ag líon leordhóthanach foirne le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla.
3. Tabhair cuntas maidir le haon earcaíocht foirne a rinne an tArd-Mhúsaem ón tráth ar eisíodh an tuarascáil imscrúdaithe. Sa chás gur tharla a leithéid, tabhair cuntas ar an mbealach a cuireadh na dualgais atá daingnithe i bhfo-ailt 30(1) agus 11(2)(l) den *National Cultural Institutions Act 1997* san áireamh.
4. Tabhair sonraí maidir le aon iarrachtaí atá déanta ag Ard-Mhúsaem na hÉireann do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge trí úsáid a bhaint as acmhainní foirne na heagraíochta, as deiseanna oiliúna Gaeilge don fhoireann reatha, as conraitheoirí nó gníomhairí ar conradh, nó ar aon bhealach cuí eile.
5. Soláthar cóip d'aon nóta eolais a d'ullmhaigh an tArd Mhúsaem maidir le fionnachtain agus moltaí an imscrúdaithe faoi mar bhí iarrtha ag an imscrúdú.
6. Tabhair sonraí maidir leis na dátaí a sheoladh an nóta eolais sin chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, chuig cathaoirleach agus bord na heagraíochta agus chuig baill foirne cuí.